



Chuig na scoileanna uilig

Fógra maidir le tacaíochtaí cistithe Caipitíochta Covid-19 do Théarma 2 den bhliain scoile 2021/22

Is príomhthosaíocht don Rialtas agus don Roinn cinnte a dhéanamh de go mbeidh scoileanna in ann leanúint d'oibriú go sábháilte agus tá an Roinn seo fós ag obair i gcomhar le hoifigigh sláinte poiblí agus le geallsealbhóirí oideachais maidir le hoibriú sábháilte scoileanna le linn Covid-19.

Rinne Sláinte Poiblí FSS athbhreithniú ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun oibriú sábháilte scoileanna a chinntiú agus tá sí sásta go leanfaidh na bearta sin um chosc agus rialú ionfhabhtuithe den phobal scoile a choinneáil slán sábháilte nuair a chuirfear i bhfeidhm iad agus nuair a chloífear leo.

Ar bhonn na comhairle reatha maidir le sláinte phoiblí, leanfar de Chistiú Deontas Caipitíochta Covid-19 a chur ar fáil ar bhonn sealadach chun tacú le scoileanna na bearta sin a chur i bhfeidhm.

Féach anseo thíos na sonraí maidir leis an gCistiú deontas caipitíochta Covid-19 chun tacú le scoileanna sa mhéid sin. Íocfar na cistí sin le scoileanna go luath i mí Eanáir.

Leantar de na deontais a bhaineann leis an ngnáthchaipitíocht a íoc chun go mbeidh na Boird Bhainistíochta in ann Baill Foirne Coimhdeacha a choimeád ar na Párollaí agus costais reatha eile na scoileanna a íoc.

Maidir le hIarbhunscoileanna a ghearrann táillí agus ar éirigh lena n-iarratas ar chistiú caipitíochta Covid-19 in 2020/21, beidh cistiú ag dul dóibh go huathfheidhmeach i dTéarma 2 2021/22.

Déanfar na híocaíochtaí deontas a ríomh trí úsáid a bhaint as na rátaí per capita céanna a raibh feidhm acu maidir le Téarma 2 den scoilbhliain 2020/21 agus beidh siad bunaithe ar líon aitheanta na ndaltaí ar an rolla do Mheán Fómhair 2020.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 2 - Rátaí in aghaidh an dalta		
Bunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta/Scoil Speisialta
Glantóireacht fheabhsaithe	€21.00	€25.67
TCP	€15.00	€60.00
Tabhair faoi deara: Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil 60 dalta nó níos lú rollaithe bunaithe ar íosrollú de 60 dalta.		



Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 2 - Rátaí in aghaidh an dalta		
Iar-bhunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta
Glantóireacht fheabhsaithe	€11.00	€13.33
TCP	€24.00	€96.00
Maoirseacht fheabhsaithe	€35.00	€35.00
Tabhair faoi deara: Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil 200 dalta nó níos lú rollaithe bunaithe ar íosrollú de 200 dalta.		

Tá samplaí léiritheacha de luach na ndeontas is iníoctha do scoileanna ar mhéideanna éagsúla ar fáil in Aguisín A.

Tá gach deontas a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 le húsáid chun na críche a leagadh amach roimhe seo i gCiorcláin 0045 agus 0046/2020 atá ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag na naisc thíos.

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-chun-filleadh-go-hiomlan-ar-an-scoil/>

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-don-fhilleadh-iomlan-ar-scoil-iarbhunscoil/>

Is féidir le scoileanna an cistiú arna chur ar fáil leis na deontais éagsúla a úsáid chun sreabhadh leordhóthanach airgid thirim a chinntiú ag tráthanna áirithe.

Ní mór i gcónaí taifead a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i gcuntais scoile agus iad a bheith luaite leis na deontais faoi leith mar is iomchuí.

Meabhraítear do scoileanna stoc a bhainistiú agus a cheannach mar is iomchuí chun nach mbeidh barraíocht soláthairtí ann. Ar an gcaoi sin déanfar cinnte de go mbeidh luach ar airgead acu agus nach ndéanfar soláthairtí a chur amú.

Má tá ceist ar bith eile agat seol ríomhphost chuig covid19_alert@education.gov.ie nó glaoigh ar 057 9324461.

Leanfaidh an Roinn den ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe oideachais agus na speisialtóirí sa tsláinte phoiblí uilig chun go leanfar de thacaíocht a thabhairt do scoileanna don scoilbhliain 2021/22. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh arís as cinnte a dhéanamh de gur ionaid shábháilte iad scoileanna do dhaltai agus daoine fásta ar aon.



Is mise le meas

Deirdre Shanley
Leas-Rúnaí



Aguisín A

Samplaí léiritheacha de luach na ndeontas is iníoctha do scoileanna ar mhéideanna éagsúla

Bunscoileanna		
Luach na nDeontas Caipitíochta - Ráta príomhshrutha - Téarma 2 den bhliain scoile 2021/22		
Rollú Daltaí	Glantóireacht	TCP
Suas le 60	€1,260	€900
100	€2,100	€1,500
200	€4,200	€3,000
400	€8,400	€6,000
600	€12,600	€9,000

Bunscoileanna Speisialta		
Luach na nDeontas Caipitíochta - Ráta Breisithe - Téarma 2 den bhliain scoile 2021/22		
Líon na Múinteoirí	Glantóireacht	TCP
1	€1,540	€3,600
2	€1,592	€3,720
3	€2,464	€5,760
4	€3,337	€7,800
5	€4,210	€9,840
6	€5,057	€11,820
7	€5,853	€13,680
8	€6,623	€15,480
9	€6,982	€16,320
10	€7,829	€18,300
11	€8,676	€20,280
12	€9,524	€22,260
13	€10,371	€24,240
14	€11,218	€26,220
15	€12,065	€28,200
16	€12,912	€30,180



Iar-bhunscoileanna			
Luach na nDeontas Caipitíochta - Ráta príomhshrutha - Téarma 2 den bhliain scoile 2021/22			
Rollú Daltaí	Glantóireacht	TCP	Maoirseacht
Suas le 200	€2,200	€4,800	€7,000
400	€4,400	€9,600	€14,000
600	€6,600	€14,400	€21,000
800	€8,800	€19,200	€28,000
1,600	€17,600	€38,400	€56,000